Deireadh Fómhar 2014

Scéalta Shliabh Rua

Scoil Shlas

Táimid ag obair go dian anois sa scoil chun brat glas a fháil. Is onóir mhór do scoil a bheith in ann brat glas a chrochadh agus tá sé an-tábhachtach go labhraíonn tú le do pháiste sa bhaile faoi athchúrsáil.

We are working very hard towards our green flag. It is a huge honour for a school to be able to fly the green flag. It is very important that you discuss the importance of recycling with your child at home!

Buíochas

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil libh as ucht na leabhar léitheoireachta a chlúdach. Tá roinnt mhaith dóibh clúdaithe anois. Chun iad a chríochnú, mhol tuismitheoirí na leabhar a chur abhaile i málaí na páistí chun clúdach a chur orthu sa bhaile. Más féidir le haon duine cabhair a thabhairt, tar i dteagmháil linn le bhur dtoil.

We would like to thank all parents who helped to cover the new school readers. The majority of them are covered now. Some parents recommended that the remainder be sent home to be covered. If any parent is happy to do this, please let us know.

Beidh Oíche Shamhna linn ag deireadh na Míosa. Beidh cóisir bheag againn sa scoil agus beidh cead ag na paistí gléasadh suas don lá. Toisc go bhfuil muid ag obair i dtreo ár mbrat glas, beidh muid ag cur béim mhór ar athchursáil sna cultacha.

Halloween will be with us at the end of the month. We will have a small party in school and the children may dress up. As we are working towards our Green Flag, we will be putting a big emphasis on recycling in the costumes.

Múinteoir nua

Cuirimid fáilte roimh Mhúinteoir Eimear Ní Dhuibhir agus Múinteoir Fiona Ní Chléirigh chuig ár scoil i mbliana. Bíonn Múinteoir Eimear linn ó Luan go Déardaoin ó 8:45 – 9:45. Don chuid eile den lá, bíonn sí ag múineadh i Scoil Mhuire, Lambs Cross. Bíonn Múinteoir Fíona linn gach Aoine don lá ar fad. Ón Luan go Déardaoin bíonn sí i nGaelscoil Thaobh na Coille. Ba mhaith linn, freisin, gach rath a ghuí ar Mhuireann Ní Fhloinn atá linn faoi láthair ar Cleachtadh Múinteoireachta.

We would like to welcome Múinteoir Eimear Ní Dhuibhir and Múinteoir Fíona Ní Chléirigh to our school. Múinteoir Eimear is with us Monday to Thursday from 8:45 until 9:45. For the remainder of the week, she teaches in St. Marys NS Lambs Cross. Múinteoir Fiona is with us every Friday for the day. She teaches in Gaelscoil Thaobh na Coille on the other days. We would also like to wish Muireann Ní Fhloinn the very best as she undertakes her Teaching Practice in our school.

Am Órga

Táimid ag cur tús le córas nua sa scoil d'arbh ainm Am Órga. Is éard atá i gceist le seo ná go bhfaigheann na ranganna suas go 20 nóiméad ar an Aoine chun saorimirt a dhéanamh. Braitheann an 20 nóiméad seo ar an iompar i rith na seachtaine. Don saor imirt beidh cead acu bréagáin amháin a thabhairt leo ar scoil ar an Aoine. Ní bheidh cead ag aon breagáin foréigeanach (gunnaí, sord srl) nó leictreonach.

We are starting a new system in the school called Am Órga. Am Órga involves the class getting up to 20 minutes free play on a Friday. This 20 minutes depends on a child's behaviour throughout the week. For their free play, the children can bring one toy from home into school. They are not permitted to bring in electronic toys or violent toys (guns, swords etc).

Óiche Eolais

Beidh Oíche Eolais sa scoil ar an 20ú DF ag a 8 i.n. Scaip an fhocail!!

There will be an information night in our school on the 20th October at 8pm.Please spread the word!!